Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 20 Deireadh Fómhair 2021**
**(OR. en)**

**13050/21**

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2021/0330(NLE)**

**ACP 95**
**WTO 242**
**COAFR 296**
**RELEX 875**
**UD 253**

**TOGRA**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir |
| dáta a fuarthas: | 20 Deireadh Fómhair 2021 |
| chuig: | Jeppe TRANHOLM-MIKKELSEN, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | COM(2021) 637 final |
| Ábhar: | Togra le haghaidh CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh sa Choiste Speisialta um Éascú Custaim agus Trádála agus sa Choiste Speisialta um Thásca Geografacha agus um Thrádáil i bhFíonta agus Biotáillí a bunaíodh leis an gComhaontú um Chomhpháirtíocht Eacnamaíoch idir an tAontas Eorpach agus a Bhallstáit, de pháirt, agus Stáit Chomhphobal Forbraíochta Dheisceart na hAfraice atá sa Chomhaontú Comhpháirtíochta Eacnamaíche, den pháirt eile, maidir le Rialacha Nós Imeachta an Choiste Speisialta um Éascú Custaim agus Trádála agus Rialacha Nós Imeachta an Choiste Speisialta um Thásca Geografacha agus um Thrádáil i bhFíonta agus Biotáillí faoi seach a ghlacadh |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad COM(2021) 637 final.

---

Faoi iamh: COM(2021) 637 final

AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 20.10.2021
COM(2021) 637 final

2021/0330 (NLE)

Togra le haghaidh

# CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE

**maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh sa Choiste Speisialta um Éascú Custaim agus Trádála agus sa Choiste Speisialta um Thásca Geografacha agus um Thrádáil i bhFíonta agus Biotáillí a bunaíodh leis an gComhaontú um Chomhpháirtíocht Eacnamaíoch idir an tAontas Eorpach agus a Bhallstáit, de pháirt, agus Stáit Chomhphobal Forbraíochta Dheisceart na hAfraice atá sa Chomhaontú Comhpháirtíochta Eacnamaíche, den pháirt eile, maidir le Rialacha Nós Imeachta an Choiste Speisialta um Éascú Custaim agus Trádála agus Rialacha Nós Imeachta an Choiste Speisialta um Thásca Geografacha agus um Thrádáil i bhFíonta agus Biotáillí faoi seach a ghlacadh**

# MEABHRÁN MÍNIÚCHÁIN

## 1. ÁBHAR AN TOGRA

Baineann an togra seo leis an gcinneadh lena mbunófar an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais sa Choiste Speisialta um Éascú Custaim agus Trádála agus sa Choiste Speisialta um Thásca Geografacha agus um Thrádáil i bhFíonta agus Biotáillí a bunaíodh leis an gComhaontú um Chomhpháirtíocht Eacnamaíoch idir an tAontas Eorpach agus a Bhallstáit, de pháirt, agus Stáit Chomhphobal Forbraíochta Dheisceart na hAfraice ('SADC') atá sa Chomhaontú Comhpháirtíochta Eacnamaíche, den pháirt eile, i ndáil le Rialacha Nós Imeachta an Choiste Speisialta um Thrádáil agus um Nósanna Imeachta maidir le Trádáil agus Nósanna Imeachta Custaim agus um Thrádáil i bhFíonta agus Biotáillí faoi seach.

## 2. COMHTHÉACS AN TOGRA

### 2.1. An Comhaontú Comhpháirtíochta Eacnamaíche idir an tAontas Eorpach agus a Bhallstáit, de pháirt, agus Stáit Chomhphobal Forbraíochta Dheisceart na hAfraice atá sa Chomhaontú Comhpháirtíochta Eacnamaíche, den pháirt eile

Tá sé d'aidhm ag an gComhaontú Comhpháirtíochta Eacnamaíche idir an tAontas Eorpach agus a Bhallstáit, de pháirt, agus Stáit Chomhphobal Forbraíochta Dheisceart na hAfraice atá sa Chomhaontú Comhpháirtíochta Eacnamaíche, den pháirt eile, an méid a leanas a dhéanamh:

(a) cuidiú le laghdú agus díothú na bochtaineachta trí chomhpháirtíocht trádála a bhunú a bheadh i gcomhréir leis an gcuspóir maidir le forbairt inbhuanaithe, le Spriocanna Forbartha na Mílaoise agus le Comhaontú Cotonou;

(b) an comhtháthú réigiúnach, comhar eacnamaíoch agus dea-rialachas a chur chun cinn chun creat rialála réigiúnach éifeachtach, intuartha agus trédhearcach a bhunú agus a chur chun feidhme le haghaidh trádála agus infheistíochta idir na Páirtithe agus i measc Stáit Chomhphobal Forbraíochta Dheisceart na hAfraice atá sa Chomhaontú Comhpháirtíochta Eacnamaíche;

(c) lánpháirtiú Stáit Chomhphobal Forbraíochta Dheisceart na hAfraice atá sa Chomhaontú Comhpháirtíochta Eacnamaíche a chur chun cinn de réir a chéile i ngeilleagar an domhain i gcomhréir lena gcuid roghanna polaitiúla agus lena gcuid tosaíochtaí forbartha;

(d) feabhas a chur ar chumas Stáit Chomhphobal Forbraíochta Dheisceart na hAfraice atá sa Chomhaontú Comhpháirtíochta Eacnamaíche i dtaca le beartas trádála agus saincheisteanna a bhaineann le cúrsaí trádála;

(e) tacú leis na dálaí chun infheistíocht agus tionscnaimh na hearnála príobháidí a mhéadú agus cumas soláthair, iomaíochas agus fás eacnamaíoch a fheabhsú Stáit Chomhphobal Forbraíochta Dheisceart na hAfraice atá sa Chomhaontú Comhpháirtíochta Eacnamaíche; agus

(f) na caidrimh atá ann cheana idir na Páirtithe a neartú ar bhonn na dlúthpháirtíochta agus an leasa fhrithpháirtigh;

Cuirtear an Comhaontú i bhfeidhm go sealadach idir an tAontas Eorpach agus a Bhallstáit, de pháirt, agus an Bhotsuáin, Leosóta, an Namaib, Eswatini agus an Afraic Theas, den pháirt eile, ón 10 Deireadh Fómhair 2016, agus idir an tAontas Eorpach agus a Bhallstáit, de pháirt, agus Mósaimbíc, den pháirt eile, ón 4 Feabhra 2018.

### 2.2. An Coiste Speisialta um Éascú Custaim agus Trádála agus an Coiste Speisialta um Thásca Geografacha agus Trádáil i bhFíonta agus Biotáillí

Is éard a bhunaítear le hAirteagal 50 den Chomhaontú an Coiste Speisialta um Éascú Custaim agus Trádála agus is éard a fhoráiltear ann go n-áireofar ar feidhmeanna atá aige 'a chuid rialacha nós imeachta féin a chinneadh' (2)(f).

Le hAirteagal 13 de Phrótacal 3 'Tásca geografacha agus trádáil i bhfíonta agus biotáillí' a ghabhann leis an gComhaontú, bunaítear an Coiste Speisialta um Thásca Geografacha agus um Thrádáil i bhFíonta agus Biotáillí agus foráiltear ann 'go gcinnfidh an Coiste Speisialta a chuid rialacha nós imeachta féin' (5).

### 2.3. Na gníomhartha atá beartaithe ag an gCoiste Speisialta um Éascú Custaim agus Trádála agus ag an gCoiste Speisialta um Thásca Geografacha agus um Thrádáil i bhFíonta agus Biotáillí

Is é is cuspóir do na gníomhartha atá beartaithe rialacha nós imeachta an Choiste Speisialta um Éascú Custaim agus Trádála a bhunú mar aon le Rialacha Nós Imeachta an Choiste Speisialta um Thásca Geografacha agus um Thrádáil i bhFíonta agus Biotáillí faoi seach.

## 3. An seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais

Is éard a bhunaítear leis an togra seo le haghaidh Cinnidh ón gComhairle an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais sa Choiste Speisialta um Thásca Geografacha agus um Thrádáil i bhFíonta agus Biotáillí agus sa Choiste Speisialta um Éascú Custaim agus Trádála a bhunaigh Comhphobal Forbraíochta Dheisceart na hAfraice maidir le Rialacha Nós Imeachta an Choiste Speisialta um Thásca Geografacha agus um Thrádáil i bhFíonta agus Biotáillí agus an Choiste Speisialta um Éascú Custaim agus Trádála faoi seach.

Phléigh na Páirtithe sa Chomhaontú na rialacha sin maidir le nósanna imeachta agus chomhaontaigh siad, faoi réir nósanna imeachta cinnteoireachta an Aontais, gur cheart iad sin a ghlacadh ag na cruinnithe a bheidh ann ina dhiaidh sin ag an gCoiste Speisialta um Éascú Custaim agus Trádála agus ag an gCoiste Speisialta um Thásca Geografacha agus um Thrádáil i bhFíonta agus Biotáillí.

Tá substaint na rialacha nós imeachta a ghabhann leis seo an-chosúil le substaint rialacha nós imeachta Comhaontuithe Comhpháirtíochta Eacnamaíche eile nó comhaontuithe trádála eile.

Tá Rialacha nós imeachta riachtanach chun creat institiúideach an Chomhaontaithe a chríochnú agus, dá bhrí sin, chun cur chun feidhme rianúil an Chomhaontaithe a áirithiú.

## 4. Bunús dlí

### 4.1. Bunús dlí nós imeachta

*4.1.1. Prionsabail*

In Airteagal 218(9) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE) déantar foráil maidir le cinntí lena leagfar síos 'na seasaimh a ghlacfar thar ceann an Aontais i gcomhlacht a chuirtear ar bun le comhaontú nuair a iarrtar ar an gcomhlacht sin gníomhartha a ghlacadh a bhfuil éifeachtaí dlíthiúla leo, seachas gníomhartha lena bhforlíonfar nó lena leasófar creat institiúideach an chomhaontaithe.'

Ar na 'gníomhartha a bhfuil éifeachtaí dlíthiúla leo', áirítear gníomhartha a bhfuil éifeachtaí dlíthiúla leo de bhua rialacha an dlí idirnáisiúnta lena rialaítear an comhlacht i gceist. Áirítear freisin ionstraimí nach bhfuil éifeacht cheangailteach leo faoin dlí idirnáisiúnta, ach a d'fhéadfadh 'tionchar cinntitheach a imirt ar ábhar na reachtaíochta a ghlacfaidh reachtóir an

Aontais Eorpaigh'. Ar deireadh, áirítear leis an gcoincheap 'gníomhartha a bhfuil éifeachtaí dlíthiúla leo' gníomhartha de chineál eagraíochtúil a imríonn tionchar ar an gcaoi a ndéantar cinntí laistigh den chomhlacht, mar shampla má ghlacann nó má mhodhnaíonn comhlacht a bhfuil cumhachtaí cinnteoireachta aige a chuid rialacha nós imeachta.

*4.1.2. Cur i bhfeidhm maidir leis an gcás seo*

Is comhlachtaí iad an Coiste Speisialta um Thásca Geografacha agus Trádáil i bhFíonta agus Biotáillí agus an Coiste Speisialta um Éascú Custaim agus Trádála a bunaíodh le comhaontú, eadhon Comhphobal Forbraíochta Dheisceart na hAfraice.

Is éard atá sna gníomhartha a iarrtar ar an dá choiste a ghlacadh, gníomhartha a bhfuil éifeachtaí dlíthiúla leo toisc gur gníomhartha de chineál eagraíochtúil iad a imríonn tionchar ar an gcaoi a ndéantar cinntí laistigh den chomhlacht. An gníomh atá beartaithe is gníomh é a bheidh ceangailteach faoin dlí idirnáisiúnta i gcomhréir le hAirteagal 50 den Chomhaontú agus le hAirteagal 13 de Phrótacal 3 a ghabhann leis an gComhaontú faoi seach.

Leis na gníomhartha atá beartaithe, ní dhéantar creat institiúideach an Chomhaontaithe a fhorlíonadh ná a leasú.

Dá bhrí sin, is é Airteagal 218(9) de CFAE an bunús dlí nós imeachta don chinneadh atáthar a mholadh.

### 4.2. Bunús substaintiúil dlí

*4.2.1. Prionsabail*

An bunús substaintiúil dlí le haghaidh cinneadh faoi Airteagal 218(9) CFAE, braitheann sé go príomha ar chuspóir agus ábhar an ghnímh atá beartaithe a bhfuiltear ag glacadh seasamh thar ceann an Aontais ina leith. Má tá dhá aidhm ag an ngníomh atá beartaithe nó má tá dhá chomhpháirt ann agus más féidir ceann de na haidhmeanna nó de na comhpháirteanna sin a shainaithint mar phríomhaidhm nó mar phríomh-chomhpháirt agus an ceann eile mar aidhm nó comhpháirt theagmhasach, ní mór an cinneadh faoi Airteagal 218(9) CFAE a bhunú ar bhunús substaintiúil dlí aonair, is é sin an bunús dlí a éilítear de réir na príomhaidhme nó na príomh-chomhpháirte.

*4.2.2. Cur i bhfeidhm maidir leis an gcás seo*

Is leis an gcomhbheartas tráchtála a bhaineann príomhchuspóir agus ábhar an ghnímh atá beartaithe.

Dá bhrí sin, is í an chéad fhomhír d'Airteagal 207(4) den CFAE an bunús dlí substainteach leis an gcinneadh atá beartaithe.

### 4.3. Conclúid

Is í an chéad fhomhír d'Airteagal 207(4) CFAE, i gcomhar le hAirteagal 218(9) den CFAE ba cheart a bheith ina bunús dlí leis an gcinneadh atá beartaithe.

## 5. FOILSIÚ AN GHNÍMH ATÁ BEARTAITHE

Ós rud é go ndéanfaidh gníomhartha an Choiste Speisialta um Thásca Geografacha agus Trádáil i bhFíonta agus Biotáillí agus an Coiste Speisialta um Éascú Custaim agus Trádála leasú ar na rialacha nós imeachta faoi seach, is iomchuí é a fhoilsiú in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* tar éis a ghlactha.

2021/0330 (NLE)

Togra le haghaidh

# CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE

**maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh sa Choiste Speisialta um Éascú Custaim agus Trádála agus sa Choiste Speisialta um Thásca Geografacha agus um Thrádáil i bhFíonta agus Biotáillí a bunaíodh leis an gComhaontú um Chomhpháirtíocht Eacnamaíoch idir an tAontas Eorpach agus a Bhallstáit, de pháirt, agus Stáit Chomhphobal Forbraíochta Dheisceart na hAfraice atá sa Chomhaontú Comhpháirtíochta Eacnamaíche, den pháirt eile, maidir le Rialacha Nós Imeachta an Choiste Speisialta um Éascú Custaim agus Trádála agus Rialacha Nós Imeachta an Choiste Speisialta um Thásca Geografacha agus um Thrádáil i bhFíonta agus Biotáillí faoi seach a ghlacadh**

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe an chéad fhomhír d'Airteagal 207(4), i gcomhar le hAirteagal 218(9) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Shínigh an tAontas Eorpach agus a Bhallstáit an Comhaontú Comhpháirtíochta Eacnamaíche idir an tAontas Eorpach agus a Bhallstáit, de pháirt, agus na Stáit atá i gComhphobal Forbraíochta Dheisceart na hAfraice atá sa Chomhaontú Comhpháirtíochta Eacnamaíche, den pháirt eile, an 10 Meitheamh 2016[1] ('an Comhaontú'). Cuirtear i bhfeidhm é go sealadach idir an tAontas Eorpach agus a Bhallstáit, de pháirt, agus an Bhotsuáin, Leosóta, an Namaib, Eswatini agus an Afraic Theas, den pháirt eile, ón 10 Deireadh Fómhair 2016, agus idir an tAontas Eorpach agus a Bhallstáit, de pháirt, agus Mósaimbíc, den pháirt eile, ón 4 Feabhra 2018.

(2) De bhun Airteagal 50(1) den Chomhaontú, bunaítear an Coiste Speisialta um Éascú Custaim agus Trádála.

(3) De bhun Airteagal 13(1) de Phrótacal 3 a ghabhann leis an gComhaontú, bunaítear an Coiste Speisialta um Thásca Geografacha agus um Thrádáil i bhFíonta agus Biotáillí.

(4) Is de bhun Airteagal 50(2)(f) den Chomhaontú atá an Coiste Speisialta um Éascú Custaim agus Trádála chun a Rialacha Nós Imeachta a chinneadh.

(5) De bhun Airteagal 13(5) de Phrótacal 3 a ghabhann leis an gComhaontú, is é an Coiste Speisialta um Thásca Geografacha agus Trádáil i bhFíonta agus Biotáillí a chinnfidh a Rialacha Nós Imeachta.

(6) An seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais laistigh den dá choiste sin faoi seach, is iomchuí é a bhunú toisc go mbeidh éifeachtaí dlíthiúla san Aontas ag na cinntí lena mbunaítear na Rialacha Nós Imeachta.

[1] An Comhaontú Comhpháirtíochta Eacnamaíche idir an tAontas Eorpach agus a Bhallstáit, de pháirt, agus Stáit Chomhphobal Forbraíochta Dheisceart na hAfraice atá sa Chomhaontú Comhpháirtíochta Eacnamaíche, den pháirt eile (IO L 250, 16.9.2016, lch. 3).

(7) Is ar dhréacht-Chinntí an dá choiste faoi seach a ghabhann leis an gCinneadh seo ba cheart seasamh an Aontais laistigh den dá choiste sin maidir le glacadh a cuid Rialacha Nós Imeachta féin a bheith bunaithe

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

An seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais sa Choiste Speisialta um Éascú Custaim agus Trádála a bunaíodh faoi Airteagal 50 den Chomhaontú um Chomhpháirtíocht Eacnamaíoch idir an tAontas Eorpach agus a Bhallstáit, de pháirt, agus na Stáit atá i gComhphobal Forbraíochta Dheisceart na hAfraice ('SADC') atá sa Chomhaontú Comhpháirtíochta Eacnamaíche, den pháirt eile, beidh sé bunaithe ar dhréacht-Chinneadh ón gcoiste sin maidir lena Rialacha Nós Imeachta atá i gceangal leis an gCinneadh seo.

*Airteagal 2*

An seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais sa Choiste Speisialta um Thásca Geografacha agus um Thrádáil i bhFíonta agus Biotáillí, a bhunaítear faoi Airteagal 13 de Phrótacal 3 a ghabhann leis an gComhaontú um Chomhpháirtíocht Eacnamaíoch idir an tAontas Eorpach agus a Bhallstáit, de pháirt amháin, agus na Stáit atá i Comhphobal Forbraíochta Dheisceart na hAfraice ('SADC') atá sa Chomhaontú Comhpháirtíochta Eacnamaíche, den pháirt eile, is seasamh é a bheidh bunaithe ar dhréacht-Chinneadh ón gcoiste sin maidir lena Rialacha Nós Imeachta atá i gceangal leis an gCinneadh seo.

*Airteagal 3*

Is ar an gCoimisiún atá an Cinneadh seo á dhíriú.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil,

*Thar ceann na Comhairle*
*An tUachtarán*